Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0286(NLE)**

**11641/20**

**ACP 106**
**FIN 713**
**PTOM 19**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 639 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2022, an méid bliantúil le haghaidh 2021, an chéad tráthchuid le haghaidh 2021 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 639 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 639 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2020
COM(2020) 639 final

2020/0286 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2022, an méid bliantúil le haghaidh 2021, an chéad tráthchuid le haghaidh 2021 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Cumhdaítear leis an togra:

– Uasteorainn na ranníocaíochtaí le haghaidh 2022;

– Méid bliantúil na ranníocaíochtaí le haghaidh 2021;

– Méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2021;

– Réamhaisnéis neamhcheangailteach le haghaidh méideanna bliantúla na ranníocaíochtaí a mheastar a bheidh ann le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024.

Déantar an 11ú CEF agus cistí CEF eile atá fós oscailte (mar shampla, an tOchtú, an Naoú agus an 10ú CEF) a bhainistiú faoin sraith rialacha seo a leanas:

An Comhaontú Comhpháirtíochta atá ann faoi láthair idir baill den Ghrúpa de Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) ar thaobh amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit ar an taobh eile (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE') mar a leasaíodh go deireanach[1],

An Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad cruinn i dtionól den Chomhairle, maidir le maoiniú an chúnaimh ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[2] (an 11ú 'Comhaontú Inmheánach' de chuid CEF),

Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[3] (an '11ú Rialachán Airgeadais CEF').

Tá sna doiciméid thuasluaite gealltanais ilbhliantúla ó na Ballstáit tacaíocht a thabhairt don Chisteán CEF ó thaobh airgeadais de. Déantar foráil san 11ú Rialachán Airgeadais CEF maidir le ranníocaíochtaí tráthrialta a dhéanfaidh na Ballstáit isteach sa chisteán CEF i leith gealltanais airgeadais réamhchinnte. Is de bharr Cinntí teicniúla ón gComhairle a dhéantar na ranníocaíochtaí tráthrialta, agus cuirtear san áireamh sna Cinntí sin cur chun feidhme na ngealltanas airgeadais a cinneadh cheana.

Dá bhrí sin, i dtaca le roinnt de na ceannteidil sa mheabhrán míniúcháin, níl na ceannteidil sin infheidhme maidir le glaonna ar ranníocaíochtaí tráthrialta mar an gceann seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

I gcomhréir le hAirteagal 19(7) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, sonraítear ar leithligh an méid a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach a bhainistiú agus an méid a dhéanfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) a bhainistiú.

[1] IO L 317, 15.12.2000, lch. 3
[2] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1
[3] IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1–21

I gcomhréir le hAirteagal 46 den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, tá meastacháin nuashonraithe BEI maidir le gealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a ndéanann sé bainistíocht orthu seolta ag BEI chuig an gCoimisiún Eorpach.

I gcomhréir le hAirteagal 20(1) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, ídeofar ar dtús, agus soláthar á dhéanamh do ghlaonna ar ranníocaíochtaí, na méideanna a bheidh le fáil as Cistí Eorpacha Forbraíochta atá ann cheana, agus ídeofar na cistí sin ceann ar cheann tar éis a chéile. Na glaonna ar ranníocaíochtaí sa togra seo, baineann siad, dá bhrí sin, le méideanna faoin 10ú CEF don BEI agus le méideanna faoin 11ú CEF don Choimisiún Eorpach.

I gcomhréir le hAirteagal 19(2) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin togra seo faoin 15 Samhain ar a dhéanaí.

In Airteagal 21(1) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, foráiltear, i dtaca le Ballstáit nach n-íocfaidh an tráthchuid ranníocaíochta is dlite faoin spriocdháta, go mbeidh sé de cheanglas ar na Ballstáit sin ús a íoc ar an méid a bheidh gan íoc; sonraítear san Airteagal céanna na socruithe maidir le híoc an úis.

2020/0286 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2022, an méid bliantúil le haghaidh 2021, an chéad tráthchuid le haghaidh 2021 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad cruinn i dtionól den Chomhairle, maidir le maoiniú an chúnaimh ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[4] (dá ngairtear 'an Comhaontú Inmheánach' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) (dá ngairtear 'an 11ú Rialachán Airgeadais CEF' anseo feasta)[5], agus go háirithe Airteagal 19(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, tá an Coimisiún Eorpach le togra a chur i láthair faoin 15 Deireadh Fómhair 2020 lena sonrófar (a) uasteorainn na ranníocaíochta le haghaidh 2022; (b) méid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2021; (c) méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2021; agus (d) réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2023-2024,

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, tá meastacháin nuashonraithe BEI maidir le gealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a ndéanann sé bainistíocht orthu seolta ag BEI chuig an gCoimisiún Eorpach,

(3) In Airteagal 20(1) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, ídeofar ar dtús, agus soláthar á dhéanamh do ghlaonna ar ranníocaíochtaí, na méideanna a bheidh le fáil as Cistí Eorpacha Forbraíochta atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh faoin 10ú CEF don BEI agus faoin 11ú CEF don Choimisiún,

---

[4] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1

[5] IO L 307, 3.12.2018, lgh. 7–9

(4) In Airteagal 55 den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, laghdófar an chuid sin de ranníocaíochtaí na mBallstát a luaitear in Airteagal 1(2), pointe (a), den Chomhaontú Inmheánach, mar gheall ar na méideanna ó thionscadail faoin 10ú CEF nó ó CEFanna a bhí ann cheana nár ceanglaíodh de réir Airteagal 1(3) den Chomhaontú Inmheánach, nó ar na méideanna sin a shaortar de réir Airteagal 1(4) den Chomhaontú Inmheánach, ach amháin má chinneann an Chomhairle a mhalairt d'aon toil,

(5) In Airteagail 152 agus 153 den Chomhaontú um tharraingt siar[6] Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, sonraítear go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith ina páirtí sa CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh; ní athúsáidfear, áfach, sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 10ú CEF nó faoi na CEFanna roimhe sin,

(6) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1800[7], ghlac an Chomhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019, ar bhonn togra ón gCoimisiún Eorpach, an Cinneadh uasteorainn mhéid bliantúil ranníocaíochtaí CEF na mBallstát le haghaidh 2021 a shocrú ag EUR 3 700 000 000 don Choimisiún Eorpach agus ag EUR 300 000 000 don Bhanc Eorpach Infheistíochta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo uasteorainn mhéid bliantúil ranníocaíochtaí CEF na mBallstát le haghaidh 2022 ag EUR 2 800 000 000. Déanfar é a roinnt ina EUR 2 500 000 000 don Choimisiún agus EUR 300 000 000 do BEI.

*Airteagal 2*

Socraítear leis seo méid bliantúil ranníocaíochtaí CEF na mBallstát le haghaidh 2021 ag EUR 4 000 000 000. Déanfar é a roinnt ina EUR 3 700 000 000 don Choimisiún agus EUR 300 000 000 do BEI.

*Airteagal 3*

Leagtar amach sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na ranníocaíochtaí le haghaidh an Chiste Eorpaigh Forbraíochta a bheidh le híoc ag na Ballstáit faoi seach leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i leith na chéad tráthchoda le haghaidh 2021.

*Airteagal 4*

Déanfar méid EUR 223 000 000 de chistí nár ceanglaíodh nó de chistí saortha ó thionscadail faoin Ochtú agus faoin Naoú CEF a aisíoc trí laghdú a dhéanamh ar mhéid na híocaíochta i leith na chéad tráthchoda le haghaidh 2021, an tráthchuid a luaitear in Airteagal 3 den chinneadh seo.

*Airteagal 5*

6 IO C 384, 12.11.2019
7 IO L 274, 24.10.2019, lgh. 9–11

Maidir leis an réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca le méid bliantúil na ranníocaíochtaí a mheastar a dhéanfar le haghaidh 2023, socraítear leis seo í ag EUR 1 800 000 000 don Choimisiún agus ag EUR 300 000 000 do BEI, agus maidir leis an réamhaisnéis chéanna le haghaidh 2024, socraítear í sin ag EUR 1 500 000 000 don Choimisiún agus EUR 200 000 000 do BEI.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*